Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**12651/21**

**CES 12**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ríocht na Beilge, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa – Glacadh |

1. I litir dar dáta an 14 Eanáir 2021, chuir Uachtarán Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) in iúl don Chomhairle go raibh Sophie GRENADE, comhalta de CESE, tar éis éirí as oifig[1].

2. Le litir dar dáta an 23 Iúil 2021, mhol Rialtas na Beilge Miranda ULENS, *Secrétaire générale of the ABVV-FGTB, Federation Générale du Travail de Belgique* (Ard-Rúnaí an cheardchumainn ABVV-FGTB)[2].

3. Faoi Airteagal 302 CFAE, ceapann an Chomhairle comhaltaí an Choiste tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

4. Chuathas i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis an ainmniúchán an 16 Meán Fómhair 2021 agus fuarthas tuairim fhabhrach uaidh ina leith an 6 Deireadh Fómhair 2021[3].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an Cinneadh a leagtar amach in 12457/21 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

1 6702/21.
2 11633/21.
3 C(2021) 7143 final.

6. De bhun an dara fomhír d’Airteagal 297(2) CFAE, foilseofar an Cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---